**RABHADH**

**Tabhair an páipéar seo ar ais le do fhreagarleabhar**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003**

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL
**(180 MARC)**

**DÉ MÁIRT, 10 MEITHEAMH – IARNÓIN, 2.00 – 3.30**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

**SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA**

| |
|---|
| |

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL.**

**[Thall**

## STAIR, GNÁTHLEIBHÉAL

Freagair gach ceist.

Freagair **1**, **2**, agus **3** sna spásanna cuí ar an bpáipéar scrúdaithe.

**1.** **PICTIÚIR** (35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir A1, A2, B agus C a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A1 agus PICTIÚR A2**

*Dhá thuama ón gClochaois in Éirinn atá á dtaispeáint i bPictiúir A1 agus A2.*

(i) I bpictiúr A1, conas a chuir na tógálaithe an chloch mhullaigh (**marcáilte X)** in airde an tuama?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(3)

(ii) Cén fhianaise atá i bpictiúr A2 go raibh scil ag na tógálaithe a rinne an tuama?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(3)

(iii) " Sampla de thuama ón gClochaois is ea carn cúirte."

Fíor nó Bréagach?

……………………………………………………………………………………...(3)

(iv) Cén fáth go dtugtar an Chlochaois ar an tréimhse staire seo?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(4)

*(b)* **PICTIÚR B**

*Tuairim ealaíontóra den saol mar a bhí i mainistir in Éirinn i dtús Ré na Críostaíochta is ea Pictiúr B.*

(i) Ón bpictiúr, tabhair cúis **amháin** gur tógadh an mhainistir ar an láthair seo.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(2)

(ii) Ón bpictiúr, tabhair **dhá** phíosa fianaise gur ghnó tábhachtach do na manaigh í an fheirmeoireacht.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(2)

(iii) Ainmnigh **dhá** fhoirgneamh atá le feiceáil sa phictiúr.

.....................................................................................................................................

.....................................................................................................................................(4)

(iv) Cuir **X** sa bhosca in aice leis an bhfreagra ceart don cheist thíos.

Cé acu de na háiteanna seo a leanas ina raibh mainistir suite i dtús Ré na Críostaíochta in Éirinn:

1. Cill Santail ☐
2. Brú na Bóinne ☐
3. Cluain Mhic Nóis ☐ (4)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Péintéireacht ar a dtugtar " Meitheal an Fhómhair" le Peter Bruegel (1565) is ea Pictiúr C.*

(i) Ainmnigh **dhá** chineál oibre atá ar siúl sa phéintéireacht.

.....................................................................................................................................

.....................................................................................................................................(2)

(ii) An gceapann tú go bhfuil dealramh na beatha orthu sin atá le feiceáil sa phéintéireacht? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

.....................................................................................................................................

.....................................................................................................................................(4)

(iii) Cés moite de Peter Bruegel, ainmnigh péintéir **amháin** ón Renaissance a bhfuil staidéar déanta agat air agus ainmnigh ceann amháin dá chuid / dá cuid saothair.

Péintéir: ……………………………………………………………………………….

Saothar: ...………………………………………………………………………...(4)

**2.** **DOICIMÉID** (35 marc)

Déan staidéar ar an **dá** dhoiciméad, **1** agus **2,** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

*(a)* **Doiciméad 1**

*Cuntas is ea é seo ó dhuine a chonaic an t-ionsaí á dhéanamh ar an Bastille i bPáras , Iúil 14, 1789.*

(i) Cén fáth a ndeachaigh sé go dtí an Hotel de Ville?

...............................................................................................................................

...............................................................................................................................(2)

(ii) Cad a chuala sé nuair a bhí sé ag fágáil an Hotel de Ville?

...............................................................................................................................

...............................................................................................................................(2)

(iii) Cé mhéad urchar a chaith gach duine a bhí ag ionsaí na háite?

...............................................................................................................................(2)

(iv) Cad a tharla don fhear a chuaigh chun an páipéar a fháil?

...............................................................................................................................

............................................................................................................................... (3)

(v) Cén chaoi ar éirigh leo dul isteach i bpríomh-chlós an phríosúin?

...............................................................................................................................

...............................................................................................................................(4)

(vi) An dóigh leat gur fear cróga é an scríbhneoir?
Tabhair píosa **amháin** fianaise ón gcuntas chun cuidiú le do fhreagra.

...............................................................................................................................

...............................................................................................................................

...............................................................................................................................(4)

*(b)* **Doiciméad 2**

*Cuntas as nuachtán an* Cork Examiner *, Meán Fómhair 17, 1847, is ea é seo. Séard atá ann ná litir a scríobh imirceoir ó Éirinn a chuaigh go Ceanada aimsir an Ghorta.*

(i) Cén áit as a dtáinig an litir "sa phost is déanaí" ?

...........................................................................................................................

...........................................................................................................................(2)

(ii) Cad ab ainm don áit a raibh an long ar ancaire in aice leis?

...........................................................................................................................

...........................................................................................................................(2)

(iii) Cén chathair a d'fhág an long ar a slí amach?

...........................................................................................................................

...........................................................................................................................(2)

(iv) Ar an turas amach cé mhéad duine "gurb í an fharraige a bhí mar uaigh" acu?

...........................................................................................................................

...........................................................................................................................(2)

(v) Cén fáth nach raibh cead acu an chuid eile de na daoine a bhí tinn a chur i dtír?

...........................................................................................................................

...........................................................................................................................(2)

(vi) Ar bord loinge, cén fáth go raibh an cás go dona ag an oiread sin páistí?

...........................................................................................................................

...........................................................................................................................(4)

(vii) Cén dóchas a bhí ag na himirceoirí agus iad ag fágáil na hÉireann?

...........................................................................................................................

........................................................................................................................... (4)

**3. CEISTEANNA LE FREAGRAÍ GEARRA** (60 marc)

Freagair DEICH gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc an ceann iad.

(i) "Sampla de fhoinse thánaisteach is ea dialann."
Fíor nó Bréagach?

........................................................................................................................ (6)

(ii) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirinn anallód:

*Crannóg; Fulacht Fiadh; Uaimh Thalún*.

........................................................................................................................ (6)

(iii) Cuir na tréimhsí staire seo a leanas san ord ceart. Tosaigh leis an gceann is luaithe le do thoil.
*Iarannaois; Clochaois; Cré-Umhaois.*

1……………………………….

2……………………………….

3……………………………… (6)

(iv) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le mainistreacha i dtús Ré na Críostaíochta in Éirinn:
*Aireagal; Cillín Coirceogach; Scriptorium.*

........................................................................................................................ (6)

(v) I mainistir, cén cúram a bhí ar an ab?

........................................................................................................................ (6)

(vi) Ainmnigh céim **amháin** sa traenáil a fuair ceardaí sa Mheánaois.

........................................................................................................................ (6)

(vii) Ainmnigh **dhá** chontúirt a bhí ann do na daoine a raibh cónaí orthu i mbailte móra sa Mheánaois.

........................................................................................................................ (6)

(viii) "Ord rialta manach ba ea na gildeanna sa Mheánaois."
Fíor nó Bréagach?

........................................................................................................................ (6)

(ix) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an Meánaois:
*Ceapa; Cairt; Cuirfiú.*

........................................................................................................................ (6)

(x) Ainmnigh pátrún **amháin** a bhí ag ealaíontóirí i rith an Renaissance.

........................................................................................................................ (6)

(xi) Tabhair toradh **amháin** a bhí ar fhorbairt an chlóphreasa.

........................................................................................................................ (6)

(xii) Ainmnigh fionnachtain eolaíoch **amháin** a rinneadh i rith an Renaissance.

…………………………………………………………………………………………….. (6)

(xiii) Tabhair **dhá** chúis gur theastaigh ó leasaitheoirí leasú a dhéanamh ar an Eaglais Chaitliceach i rith an séú haois déag.

……………………………………………………………………………………………….

.................................................................................................................………….. (6)

(xiv) Ainmnigh **dhá** chontúirt a bhí ann do mhairnéalaigh a chuaigh ar thurais taiscéalaíochta.

……………………………………………………………………………………………….

.................................................................................................................………….. (6)

(xv) Ainmnigh plandáil **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi **agus** tabhair ainm an rialtóra Bhriotanaigh a d'ordaigh go ndéanfaí an phlandáil.

Plandáil: ..................................................................................................………...

Rialtóir: .............................................................................................……………. (6)

(xvi) Tabhair cúis **amháin** gur thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain.

……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………….(6)

(xvii) Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar an nGorta in Éirinn sna 1840adaí.

……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………….(6)

(xviii) Cuir **X** sa bhosca in aice leis an bhfreagra ceart thíos.
Tionscnóir tábhachtach ba ea an duine seo i rith na Réabhlóide Tionsclaíche sa Bhreatain:

a. Johann Gutenberg ☐

b. James Watt ☐

c. Henry Grattan ☐ (6)

(xix) Scríobh síos ainm pearsan polaitiúla **amháin** in Éirinn tar éis 1945.

**NÓ**

Ainmnigh athrú mór **amháin** i gcúrsaí cumarsáide in Éirinn ó 1945 i leith.

.................................................................................................................………… (6)

(xx) Scríobh síos ainm duine thábhachtaigh **amháin** a d'fhoghlaim tú mar gheall air/uirthi i *gCaidreamh Idirnáisiúnta sa Fichiú hAois* agus tabhair tarlachtaint mhór **amháin** a bhaineann leis an duine sin.

Duine: ………………………………………………………………………………………

Tarlachtaint: ………………………………………………………………………...(6)

FREAGAIR AN CHEIST SEO A LEANAS I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH

**4. PEARSANA SA STAIR** (50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh cuntas ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na noda a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Seandálaí i mbun oibre.**

NODA:
* Láthair a roghnú
* Tochailt a dhéanamh ar an láthair
* Na gléasanna a úsáidtear
* Na nithe a faightear agus dáta a chur leo (25)

(ii) **Duine ó Shibialtacht Anallód <u>lasmuigh d'Éirinn</u>, a ainmníonn tú.**

NODA:
* Bia agus éadaí
* Tithíocht
* Ealaíona agus ceardaíocht
* Gnásanna adhlactha (25)

(iii) **Tiarna nó Bantiarna i gcaisleán sa Mheánaois.**

NODA:
* An leagan amach a bhí ar an gcaisleán
* Bia agus caitheamh aimsire
* Niachas
* An saol a bhí ag an gclann (25)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh cuntas ar an duine sin. Más main leat, is féidir leat na noda a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Ceannaire réabhlóideach a ainmníonn tú i Meirceá, <u>nó</u> sa Fhrainc <u>nó</u> in Éirinn i rith Aois na Réabhlóidí, 1770-1815.**

NODA:
* Óige an réabhlóidí
* Na cúiseanna gur chuidigh sé/sí leis an réabhlóid
* Príomh-imeachtaí na réabhlóide
* Torthaí na réabhlóide (25)

(ii) **Oibrí i monarcha nó i mianach i Sasana timpeall na bliana 1850**

NODA:
* Dálaí oibre
* Dálaí maireachtála
* Ceardchumainn
* Caitheamh aimsire agus siamsa (25)

(iii) **Ceannaire polaitiúil a ainmníonn tú, a raibh baint aige/aici leis an gcoimhlint ar son saoirse na hÉireann sa tréimhse idir 1900 agus 1922.**

NODA:
* Ainm an cheannaire
* Cúiseanna leis an mbaint a bhí aige/aici leis an réabhlóid
* Príomh-imeachtaí
* An ról a bhí ag an gceannaire sna himeachtaí (25)

**NÓ**

**Seanduine ag caint mar gheall ar athruithe atá tagtha ar an saol faoin tuath <u>nó</u> sna bailte móra i rith an 20ú haois.**

NODA:
* Athruithe i gcúrsaí oibre
* Athruithe sa bhaile
* Athruithe i gcaitheamh aimsire
* Athruithe i ról na mban. (25)